le heisiúint láithreach

Seimineár saor in aisce ar Oidhreacht Fholaithe i Reiligí Stairiúla

Tá Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, Seirbhísí Cultúrtha agus An Stiúrthóireacht Bóithre & Iompair i gComhairle Contae Dhún na nGall ag reáchtáil seimineár leathlae saor in aisce ar Chúram & Caomhnú Reiligí Stairiúla in Ionad an Mhachaire, An Machaire, in iarthar Dhún na nGall Dé Sathairn 22 Deireadh Fómhair ó 9.30rn go dtí 1.30in. Is iad aidhmeanna an tseimineáir aird a dhíriú ar an oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha i reiligí stairiúla ar fud an chontae agus leis an dea-chleachtas a chothú i dtaca le bainistiú, cúram agus caomhnú na reiligí seo. Tá an seimineár saor á mhaoiniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus An Chomhairle Oidhreachta, agus gheobhaidh rannpháirtithe an tseimineáir pacáiste eolais saor in aisce.

"Is suíomhanna oidhreachta, cultúrtha, creidimh agus spéisiúla don phobal iad na reiligí. Dá bhrí sin, cuireann siad deis ar fáil dúinn rannpháirtíocht an phobail a mhealladh i dtreo bhainistiú na hoidhreachta nádúrtha, tógtha, agus cultúrtha ag an leibhéal áitiúil" a mhínigh Seosamh Ó Gallchóir, Oifigeach Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. "Soláthraíonn na reiligí stairiúla nasc riachtanach le hoidhreacht ábhartha a sinsear do mhuintir Dhún na nGall, do chuairteoirí, do thurasóirí agus don diaspóra s'againne. Dálta Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá cuid mhór coistí pobail agus eaglasta páirteach i mbainistiú reiligí stairiúla ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna. Tá gá le haird a dhíriú ar an oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha i reiligí stairiúla le go mbeidh sé ar chumas coistí pobail an cleachtas is fearr a úsáid ina gcuid gníomhaíochtaí le go gcloífear leis an chosaint a thugtar do na suíomhanna seo faoi na hAchtanna um Séadchomharthaí."

Tá breis agus 81 reilig, 88 úirleachas agus 34 reilig do pháistí ar an Taifead Séadchomharthaí & Áiteanna i gContae Dhún na nGall. Ciallaíonn sé seo go dtugtar cosaint dóibh faoi na hAchtanna um Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Lena chois sin, tá thart fá 100 eaglais (cuid mhór acu ina mballóga) liostaithe fosta ar an Taifead Séadchomharthaí & Áiteanna agus iad á gcosaint ag an dlí. Tá an Taifead

Séadchomharthaí & Áiteanna ar fáil anois ar líne ag: www.archaeology.ie agus is féidir iad a chuardach de réir baile fearainn, ainm baile nó cineál séadchomhartha seandálaíochta. Is féidir le gníomhartha ar nós díriú cloch chinn, úsáid luibhicídí, ballaí cloiche agus ballóga a chóiriú le moirtéal suiminte, eidhneán a tharraingt d'fhoirgnimh, méaduithe neamhleochaileacha ar reiligí stairiúla agus fiú glanadh cloch chinn, is féidir leis sin uilig dochar mór a dhéanamh don oidhreacht sna reiligí atá muid ag iarraidh a chosaint agus a cheiliúradh. Tá an seiminéar saor in aisce seo, a phléifidh lena leithéid de cheisteanna, dírithe ar choistí pobail, ar choistí reilige, ar choistí oidhreachta, ar chumainn staire, ar choistí eaglasta, ar choistí Bailte Slachtmhara, ar chléir, ar rannpháirtithe na Scéime Sóisialta Tuaithe, fostaithe FÁS, baill foirne na n-údarás áitiúil agus éinne a bhfuil suim aige nó aici in oidhreacht áitiúil agus i stair áitiúil.

I measc na n-aoichainteoirí beidh Victor Buckley ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, agus beidh sé ag tabhairt comhairle maidir le bainistiú reiligí" Aithneoidh Ralph Sheppard, éiceolaí, an dóigh is fearr le cúram a thabhairt d'fhásra agus d'ainmhithe agus do ghnáthóga fiadhúlra atá le fáil go flúirseach i reiligí stairiúla. Beidh Caimin O'Beirn ó Shuirbhéireacht Seandálaíochta Éireann ag caint ar inscríbhinní reilige a thaifeadadh agus ag míniú na siombal atá le fáil ar chlocha cinn agus ar leaca uaighe. Pléifidh Cuncan McLaren ó Dedalus Architecture le caomhnú ballóga ailtireachta agus eaglasta i reiligí agus tabharfaidh Oifigeach Oidhreachta Chontae Dhún na nGall léargas ar bhainistiú na reiligí stairiúla atá faoi chúram Chomhairle Contae Dhún na nGall agus aithneoidh sé foinsí maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Beidh tuairiscí gairide ar thrí thionscadal a rinne coistí pobail i reiligí stairiúla i mBun an Phobail le Martin Hopkins, in An Machaire le Nóirín Farren agus sna Cealla Beaga le Hugh Boyle. Tá líon teoranta áiteanna ar fáil fá choinne cuairt ghairid suímh chuig reilig stairiúil Theampall Chróine i ndiaidh an tseimineáir. Osclóidh an Clr Nollaig Mac Giolla Bhríde, Méara Chontae Dhún na nGall, an seimineár saor in aisce, a bheas ar siúl ó 9.30rn go dtí 1.30in in Ionad an Mhachaire, An Machaire, Dé Sathairn 22 Deireadh Fómhair, 2011.

Tá an seimineár saor in aisce ach caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Déan teagmháil le John Kerrigan ag Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar an

ghuthán ag (074) 917 2359, trí ríomhphost hra@donegalcoco.ie nó líon isteach agus seol chugainn ceann de na foirmeacha áirithinte atá i mbileog an tseimineáir.

CRÍOCH

Fá choinne tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Seosamh Ó Gallchóir
Oifigeach Oidhreachta,
Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall,
Comhairle Contae Dhún na nGall,
Oileán an Stáisiúin,
Leifear.

Guthán: (074) 917 2576
Ríomhphost: heritage@donegalcoco.ie